



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 461 de 2010

NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (CEADANNA LE
D'FHEITHICLÍ SPEISIALAITHE) (LEASÚ), 2010

(Prn. 10/1422)

**NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (CEADANNA
D'FHEITHICLÍ SPEISIALAITHE) (LEASÚ), 2010**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 11 agus le halt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961), agus leis an Acht um Bóithre Náisiúnta agus Trácht ar Bhóithre (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2002 (I.R. Uimh. 298 de 2002) (arna oiriúnú leis an Ordú Fiontair Phoiblí (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2002 (I.R. Uimh. 305 de 2002)), déanaimse, NOEL DEMPSEY, an tAire Iompair, leis seo na rialacháin seo a leanas:

1. Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) (Leasú), 2010, is teideal de na Rialacháin seo.
2. Leasaítéar na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) 2009 (S.I. Uimh. 147 de 2009) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Sceidil:

"SCEIDEAL

Bóithre ainmnithe

An M1 idir Acomhal Thurnapain agus Dún Dealgan

An N1 idir Dún Dealgan agus an Teorainn

An N2 idir Baile Átha Fhirdhia agus Baile Mhuineacháin

An N3 idir Ceanannas agus an Cabhán

An M3 idir Baile Átha Cliath agus Ceanannas

An N4 ón M50 go Léim an Bhradáin

An M4 idir Léim an Bhradáin agus Baile Mhic Cearúill

An N4 idir Baile Mhic Cearúill agus an Longfort

An N5 idir an Longfort agus Caisleán an Bharraigh

An M6 idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain

Seachród Bhaile Átha Luain an N6

An M6 idir Baile Átha Luain agus Gaillimh

An N7 idir an M50 agus an Nás

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 1 Deireadh Fómhair, 2010,
árá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

An M7 idir an Nás agus Buiríos Mór Osraí

An N7 idir Buiríos Mór Osraí agus an Aonach

An M7 Idir an Aonach agus Cnocán an Éin Fhinn

An N7 idir Cnocán an Éin Fhinn agus Acomhal an Phoirt Nua

An M7 idir Acomhal an Phoirt Nua agus Luimneach (Acomhal Ros Uí Bhriain)

An M8 idir Port Laoise agus Corcaigh

An N8 idir Acomhal Dhún Cítil (Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach) agus Uasbhealach Tivoli isteach go Port Chorcaí

An M9 idir Droichead Nua agus Port Láirge

An M11/N11 idir Baile Átha Cliath agus Loch Garman

An N18 idir Luimneach (Acomhal Ros Uí Bhriain) agus Acomhal Aerfort na Sionainne

An M18 idir Acomhal Aerfort na Sionainne agus Inis

An N20 idir Corcaigh agus Mala

An N20 idir Mala agus Acomhal Áit Tí Flainn

An M20 idir Acomhal Áit Tí Flainn agus Luimneach (Acomhal Ros Uí Bhriain)

An N22 idir Corcaigh agus Baile an Chollaigh

An N22 idir Baile an Chollaigh agus Maigh Chromtha

An N22 idir Maigh Chromtha agus Cill Airne

An N25 idir Corcaigh agus Loch Garman

An N25 idir Loch Garman agus Ros Láir

An N25 idir Acomhal Dhún Cítil (trí Thollán na Laoi) agus Acomhal Bloomfield

An N28 idir Acomhal Bloomfield agus Calafort Rinn an Scidígh

Nascbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia an N33

An M50 idir Chalafort Bhaile Átha Cliath agus an M11

An N71 idir Corcaigh agus Droichead na Bandan”



ARNA THABHAIRT faoi mo
Shéala Oifigiúil,
an 24 Meán Fómhair 2010.

NOEL DEMPSEY,
An tAire Iompair.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.*)

Leis na rialacháin seo leasaítear na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) 2009 (S.I. Uimh. 147 de 2009) trí bhealaí breise a chur leis an sceideal de na bóithre ainmnithe.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Facs: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon dfoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

ISBN 978-1-4064-7543-2



9 781406 475432

□2.54

Wt. (B27898). 285. 9/10. Cahill. Gr. 30-15.